# Gaelchara 3

Eanáir - Aibreán 2022

## Cad é Gaelchara?

Is scéim chainte í Gaelchara atá ar siúl mar chuid den phróiseas Pleanála Teanga i gceantair Ghaeltachta ar fud na tíre, ach a thoisigh ar dtús i gCloich Cheann Fhaola. Cláraíonn foghlaimeoirí agus cainteoirí na Gaeilge agus buaileann siad le chéile go rialta i mbeirteanna le Gaeilge a chleachtadh agus nósmhaireacht na Gaeilge sa phobal a chur chun cinn.

## An féidir liom clárú ar an scéim mar chainteoir líofa?

Más duine fásta as Cloich Cheann Fhaola thú (nó má tá tú i do chónaí anseo) agus má tá Gaeilge ar do thoil agat, is féidir clárú ar an scéim mar Ghaelchara. Buailfidh tú le foghlaimeoir na Gaeilge go rialta agus beidh tú ag cuidiú leofa feabhas a chur ar a c(h)uid scileanna cainte sa Ghaeilge.

## An féidir liom clárú ar an scéim mar fhoghlaimeoir?

Más duine fásta as Cloich Cheann Fhaola thú (nó má tá tú i do chónaí anseo), agus má tá suim agat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge, is féidir leat clárú ar an scéim mar fhoghlaimeoir. Buailfidh tú le cainteoir líofa na Gaeilge go rialta agus beidh siad ag cuidiú leat feabhas a chur ar do chuid scileanna cainte sa Ghaeilge

Tá sé tábhachtach go bhfuil Gaeilge bunúsach agat cheana féin, mar níl an scéim seo fóirsteanach do ghlantosaitheoirí.

## Cén struchtúr a bheidh ar an scéim?

Beidh an scéim ag tosú ar **31ú Eanáir** agus ag teacht chun deiridh ar **8ú Aibreán**. Buailfidh gach beirt le chéile ar feadh uair a' chloig (ar a laghad) gach seachtain ag am a roghnaíonn siad féin. Tá fáilte roimh rannpháirtithe cibé gníomhaíochtaí is maith leo a dhéanamh a fhad is go bhfuil neart comhrá Gaeilge ar bun acu.

Cuirfear cúrsa Gaeilge 10-seachtaine ar fáil do na foghlaimeoirí ag leibhéal atá fóirsteanach daofa féin. Caithfidh an foghlaimeoir freastal ar **7 / 10 rang** (ar a laghad) le coinníollacha na scéime a chomhlíonadh.

Cuirfear ciorcal cainte (Caife & Comhrá) ar siúl a bheidh oscailte don phobal agus caithfidh gach cainteoir líofa ar an scéim freastal ar an chiorcal cainte **7 / 10 seachtaine** (ar a laghad) le coinníollacha na scéime a chomhlíonadh.

## Cad mar gheall ar an deontas?

Mar chuid den scéim, faigheann gach rannpháirtí **€50 ag tús na tréimhse** le cuidiú le cibé costas a bhaineann le teacht le chéile (m.sh. cupáin caife agus ceapairí sa bhialann áitiúil, turas sa charr go dtí na siopaí i Leitir Ceannainn).

Faigheann gach rannpháirtí **€50 eile ag deireadh na scéime** nuair atá na coinníollacha curtha i gcrích.

## Clárúchán:

Le clárú, seol an fhoirm seo chuig cptccf@gmail.com **faoi 28ú Eanáir 2022:***

<table>
<tr><td>Ainm / Name:</td><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td rowspan="4">Seoladh / Address:</td><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td>Seoladh rphoist<br>/ Email address:</td><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td rowspan="2">Cumas sa Ghaeilge<br>/ Level in Irish:</td><td>Is cainteoir líofa mé</td><td>I have middling Irish</td><td>I have a little Irish</td><td>I don't know any Irish</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="2">Tá mé ag clárú mar<br>/ I'm signing-up as:</td><td colspan="3">A Gaelchara (fluent speaker)</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">A Learner</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="5">Má tá tú ag clárú in éineacht le duine a bhfuil tú ag iarraidh bheith péireáilte leis/léi sa scéim, cuir ainm an duine sin sa bhosca thíos (caithfidh an duine sin an fhoirm seo a chur isteach fosta):<br>If you are signing-up with someone who you want to paired with for the scheme, provide that person's name in the box below (they must also submit this form):</td></tr>
<tr><td colspan="5"></td></tr>
</table>

*Nóta: Ní hionann is an fhoirm seo a chur chugainn is tú a bheith cláraithe ar an scéim. Seans go ndiúltófar d'iarratais ag brath ar chúinsí éagsúla. Cuirfear ar an eolas thú luath agus is féidir.

**Note: Submitting this form does not automatically register you on the scheme. Applications may be refused for various reasons. You'll be informed either way as soon as possible.*